AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.3.2026
COM(2026) 142 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha, maidir le táirgí agus substaintí a bheith ann nach bhfuil údaraithe de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 9(3) den Rialachán sin (AE) 2018/848 lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus maidir leis an measúnú ar na rialacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 5 d'Airteagal 29

{SWD(2026) 95 final}

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha, maidir le táirgí agus substaintí a bheith ann nach bhfuil údaraithe de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 9(3) den Rialachán sin (AE) 2018/848 lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus maidir leis an measúnú ar na rialacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 5 d'Airteagal 29

Giorrúchán	**Míniú**
ÚI/ÚInna	údarás inniúil/údaráis inniúla
CR/CRanna	comhlacht rialúcháin/comhlachtaí rialúcháin
ÚR/ÚRanna	údarás rialaithe/údaráis rialaithe
EFSA	an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia
AE	an tAontas Eorpach
ULI	uasleibhéil iarmhar
NT	neamhchinnteacht tomhais
OFIS	Córas Faisnéise na Talmhaíochta Orgánaí
FP	fachtóir próiseála
LOQ	teorainn chainníochtaithe
LOD	teorainn chinnidh
TT	tríú tír

I. RÉAMHRÁ

Is príomhghné de Chomhbheartas Talmhaíochta an Aontais í an fheirmeoireacht orgánach. Tá sciar na talún a shaothraítear go horgánach ag fás go seasta chun 11 % a bhaint amach sa lá atá inniu ann agus tá méadú ag teacht ar an méid bia orgánaigh a cheannaíonn tomhaltóirí, rud atá inaitheanta trí lógó de chuid an Aontais. Rialaítear táirgeadh agus lipéadú táirgí orgánacha le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1](dá ngairtear an 'Rialachán Orgánach' anseo feasta), atá infheidhme ó bhí mí Eanáir 2022 ann, chomh maith leis na Rialacháin tharmligthe agus cur chun feidhme a glacadh ar a bhonn agus lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe atá mar bhonn taca leis an táirgeadh orgánach.

[1]. Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle

(IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/2025-03-25).

De bhun Airteagal 29(4) den Rialachán Orgánach, ní mór don Choimisiún ‘faoin 31 Nollaig 2025, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na mbeart a glacadh i gcás ina bhfuil táirgí agus substaintí ann nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus maidir leis an measúnú ar na rialacha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 29(5) den Rialachán Orgánach. Féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí, le haghaidh tuilleadh comhchuibhithe’.

Tá táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú faoi réir na rialacha sonracha, go háirithe maidir leis na substaintí gníomhacha atá údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1165 ón gCoimisiún[2], ach ní mór imscrúdú cuí a dhéanamh ag aon chéim de shlabhra soláthair iarmhar táirgí nó substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach d’fhonn sláine táirgí orgánacha a áirithiú.

Thairis sin, chun sábháilteacht an tomhaltóra a áirithiú, le Rialacháin (CE) Uimh. 396/2005[3] agus (AE) 2017/625[4] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle rialaítear rialuithe oifigiúla agus iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha. Tá feidhm ag na forálacha sin freisin maidir le táirgí orgánacha.

Gach bliain, foilsíonn EFSA torthaí maidir le hiarmhair a bheith i mbia, lena n-áirítear táirgí orgánacha[5]. In 2023, as na 7 074 sampla a lipéadaíodh mar shamplaí orgánacha, ní raibh iarmhair inchainníochtaithe in 80 % díobh, bhí iarmhair faoi bhun an ULI nó ag an ULI in 19 % díobh (ar shubstaintí coparbhunaithe 94,6 % díobh) agus ní raibh iarmhair os cionn an ULI ach in 0,9 % de na samplaí.

---

[2].Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1165 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2021 lena n-údaraítear táirgí agus substaintí áirithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus lena mbunaítear a liostaí (IO L 253, 16.7.2021, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1165/oj).

[3]. Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj).

[4]. Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj).

[5]. Tuarascáil 2023 an Aontais maidir le hiarmhair lotnaidicíde i mbia https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/9398.

Cuireann an tuarascáil seo ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, ar thaobh amháin, le tuarascálacha éillithe a thíolaic na Ballstáit[6] le 3 bliana anuas maidir lena n-imscrúduithe oifigiúla ar éilliú táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú agus, ar an taobh eile, le conclúidí staidéir thiomnaithe ó EFSA maidir le 21 shubstaint nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach ar tugadh fógra ina leith in OFIS in 2021 agus 2022 mar shubstaintí is minice a fhaightear i dtáirgí orgánacha[7]. I gcás gach substainte, scrúdaigh EFSA faisnéis ábhartha d'fhonn foinsí éillithe a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, amhail iarmhair ithreach, uisce uisciúcháin, cáitheadh sprae ón bhfeirmeoireacht thraidisiúnta, bithicídí agus eile. Cuireann an staidéar cúlra eolaíoch úsáideach ar fáil chun tuiscint a fháil ar chúiseanna agus foinsí féideartha na substaintí sin nuair a bhíonn siad i dtáirgí atá lipéadaithe mar tháirgí orgánacha.

Léirítear i staidéar EFSA gur lú an seans go mbeidh iarmhair lotnaidicíde i dtáirgí orgánacha ná sna gnáth-earraí comhfhreagracha; maidir leis na 21 shubstaint a scrúdaíodh nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus atá i dtáirgí a lipéadaítear mar tháirgí orgánacha, bhí an dóchúlacht sin idir 0,04 % agus 3,95 %, i gcomparáid le 0,18 go 17,5 % i gcás earraí neamhorgánacha. Leagtar béim ann freisin ar an ngá atá le himscrúduithe a oscailt go córasach maidir le húsáid ghníomhach fhéideartha substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus moltar go ndéanfaí tástálacha breise (e.g. ithir, uisce nó anailísí eile) ag brath ar an tsubstaint a bhraitear.

Sa doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis seo, liostaítear na torthaí foriomlána ó thuarascálacha éillithe ar na 21 shubstaint sin.

II. IMSCRÚDUITHE OIFIGIÚLA

Leagtar amach in Airteagal 29(1) den Rialachán Orgánach na bearta atá le déanamh má tá táirgí nó substaintí neamhúdaraithe atá le húsáid sa táirgeadh orgánach i dtáirgí orgánacha nó i dtáirgí atá á dtiontú. Ceanglaítear leis an bhforáil seo go ndéanfar imscrúdú oifigiúil láithreach i gcás (i) nuair a fhaigheann ÚI, nó, i gcás inarb iomchuí, ÚR nó CR faisnéis **chuí-réasúnaithe** faoi tháirgí nó substaintí a bheith ann nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach; (ii) gur chuir oibreoir in iúl do ÚI, nó, i gcás inarb iomchuí, do ÚR nó do CR gur tugadh bunús le hamhras nó nach bhféadfaí é a dhíothú; nó (iii) go mbraitheann ÚI, nó, i gcás inarb iomchuí, ÚR nó CR táirgí nó substaintí neamhúdaraithe i dtáirge orgánach nó i dtáirge atá á thiontú.

Cé go bhféadfadh sé go ndearnadh léirmhíniú éagsúil ar choincheap na faisnéise chuí-réasúnaithe ar fud na mBallstát, is gnách gurb iad torthaí scrúduithe saotharlainne an túsphointe chun imscrúduithe oifigiúla a sheoladh.

---

[6]. De bhun Airteagal 29(9) den Rialachán Orgánach agus ar bhonn an teimpléid a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1195 ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le mionsonraí agus formáid na faisnéise atá le cur ar fáil ag na Ballstáit maidir le torthaí imscrúduithe oifigiúla a bhaineann le cásanna éillithe le táirgí nó substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach (OJ L 158, 21.6.2023, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1195/oj).

[7]. 'Aimsithe substaintí nach bhfuil údaraithe i mbia agus i mbeatha atá deimhnithe mar bhia agus beatha orgánach', Foilseachán tacaíochta EFSA 2025: EN-9524: https://www.efsa.europa.eu/en/supporting/pub/en-9524.

Saincheisteanna teicniúla maidir le torthaí anailíseacha

Braitheann léirmhíniú torthaí scrúduithe saotharlainne ar iarmhair a bheith ann ar shraith chuimsitheach rialacha atá ceangailteach ó thaobh dlí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 – chun sábháilteacht táirgí beatha agus bia a áirithiú. Feidhmíonn bunachar sonraí lotnaidicídí an Aontais[8] mar fhoinse faisnéise tagartha mar aon leis na treoirlínte teicniúla ábhartha atá ar fáil ar leibhéal an Aontais[9].

Tá modhanna il-iarmhair ar fáil chun anailís a dhéanamh ar iarmhair fhormhór na substaintí gníomhacha a úsáidtear i lotnaidicídí de réir an tsainmhínithe ar iarmhar lotnaidicíde a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Tá LOQ[10] chomh híseal le 0,001 mg/kg ag go leor de na modhanna atá ar fáil. Thairis sin, in éagmais ULI sonrach, cuirtear luach réamhshocraithe 0., mg/kg i bhfeidhm, ach amháin i gcás teaglamaí áirithe de shubstaintí gníomhacha agus de tháirgí bia a socraítear LOQanna sonracha ina leith.

Tá sé riachtanach go leanfaidh saotharlanna nósanna imeachta anailíseacha um rialú cáilíochta agus bailíochtú modhanna chun iarmhair lotnaidicíde a anailísiú i mbia agus i mbeatha[11] agus go mbeidh an NT comhfhreagrach ag gabháil leis na torthaí scrúduithe saotharlainne ar iarmhair lotnaidicíde.

I gcás táirgí orgánacha áirithe a ndearnadh próiseáil orthu, amhail triomú nó driogadh, féadfar FP a úsáid chun torthaí an iarmhair saotharlainne a choigeartú. Baineann FPanna go sonrach leis an bpróiseas, leis an táirge agus leis an tsubstaint ghníomhach lena mbaineann. Ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2018 ann, tá liosta cuimsitheach de FPanna á fhoilsiú ag EFSA ina bhfuil luachanna táscacha le haghaidh go leor teaglamaí lotnaidicídí/tráchtearraí/próisis[12]. Tá nóta faisnéise ar fáil freisin maidir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a mhéid a bhaineann le FPanna, bia próiseáilte agus ilchodach agus beatha phróiseáilte agus ilchodach[13].

Imscrúduithe oifigiúla a sheoladh

I gcás ina gcinneann ÚI nó, i gcás inarb iomchuí, ÚR nó CR, tar éis na nósanna imeachta ábhartha a chur i gcrích, go bhfuil faisnéis chuí-réasúnaithe ann maidir le substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach a bheith i dtáirge orgánach nó i dtáirge atá á

---

8. Bunachar sonraí Lotnaidicídí an Aontais.

9. https://webgate.ec.europa.eu/dyna2/pgd/.

10. Is comhchiallach é LOQ ar LOD a bhfuil sainmhíniú leagtha síos ina leith in Airteagal 3(2), pointe (f), den Rialachán sin mar a leanas: *'(f) 'ciallaíonn 'teorainn chinnidh (LOD)' an t-íostiúchan iarmhar bailíochtaithe is féidir a chainníochtú agus a thuairisciú trí ghnáthfhaireachán le modhanna rialaithe bailíochtaithe;'.*

11 Nósanna imeachta anailíseacha um rialú cáilíochta agus bailíochtú modhanna le haghaidh anailís ar iarmhair lotnaidicíde i mBia agus i mBeatha - SANTE 11312/2021 v2026

12. Bunachar sonraí Eorpach de thosca próiseála le haghaidh iarmhair lotnaidicíde i mbia..

13. https://food.ec.europa.eu/document/download/071dce96-d916-4615-87fa-148f1491bfc8_en?filename=pesticides_mrl_guidelines_proc_imp_sante-2021-10704.pdf.

thiontú, ní mór dó imscrúdú oifigiúil a dhéanamh láithreach d'fhonn foinse agus cúis na substaintí sin a bheith ann a chinneadh.

Fiú i gcás substaintí nár údaraíodh lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach a d'fhéadfadh tarlú go nádúrtha, ní féidir glacadh leis gurb é an tarlú nádúrtha is cúis leo a bheith ann agus tá gá le himscrúdú d'fhonn an fhéidearthacht go n-úsáidfí d'aon ghnó iad a chur as an áireamh. Cuirtear an cur chuige céanna i bhfeidhm maidir le substaintí nach ann dóibh go nádúrtha agus a bhféadfadh éilliú cúlra, cáitheadh sprae, aeriompar fadraoin, uisciú, astaíochtaí tionsclaíocha nó cúiseanna eile a bheith ina gcúis leo a bheith ann. Dá bhrí sin, ní féidir glacadh leis go bhfuil éilliú cúlra comhshaoil ann mar an fhoinse agus, dá bhrí sin, tá gá le himscrúdú oifigiúil. I gcásanna inar thángthas ar an gconclúid in imscrúduithe roimhe seo nach raibh baint ag éilliú comhionann arís agus arís eile le húsáid ghníomhach d'aon ghnó, agus má rinne an t-oibreoir na bearta réamhchúraim chun éilliú den sórt sin a sheachaint, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá le himscrúduithe breise le haghaidh tarluithe amach anseo.

III: CUR CHUN FEIDHME AIRTEAGAL 29 DEN RIALACHÁN ORGÁNACH

Tá an Chaibidil seo bunaithe ar fhreagraí na mBallstát ar cheistneoir ina mbailítear faisnéis maidir le cur chun feidhme Airteagal 29 den Rialachán Orgánach, chomh maith le gnéithe de staidéar EFSA.

Uainiú chun imscrúduithe oifigiúla a thionscnamh

Dheimhnigh formhór na mBallstát go ndéantar imscrúduithe oifigiúla láithreach nuair a fhaightear faisnéis chuí-réasúnaithe, le heatraimh idir 'laistigh den lá'

go 'laistigh de 7 lá' ag brath ar na cúinsí atá ann faoi láthair, amhail infhaighteacht foirne, ualach oibre nó iomláine na faisnéise atá ar fáil.

Chuir roinnt Ballstát in iúl go dtugann siad tús áite do tháirgí úra, do tháirgí a bhfuil seilfré níos giorra acu agus do tháirgí atá ar an margadh cheana féin agus imscrúdú á thionscnamh acu.

Foinse agus cúis an éillithe a shainaithint

Thuairiscigh na Ballstáit go bhfuil éagsúlacht i dtorthaí na n-imscrúduithe, ach mheas a bhformhór go sainaithnítear le níos mó ná leath de na himscrúduithe oifigiúla uile (idir 60 % agus 80 %, ag brath ar an tsubstaint lena mbaineann) foinse agus cúis an éillithe. Thuairiscigh roinnt Ballstát rátaí foircneacha i bhfad faoi bhun nó os cionn na raonta sin.

Thuairiscigh roinnt Ballstát gur féidir cúis agus foinse an éillithe a shainaithint de ghnáth le haghaidh táirgeadh príomhúil intíre, agus go laghdaíonn an ráta ratha níos faide síos an slabhra soláthair. Chuir siad i dtábhacht, i gcás táirgí de thionscnamh TTanna, gur minic a mhaítear gurb é cáitheadh sprae is cúis leis an éilliú.

Fad an imscrúdaithe oifigiúil

Tá éagsúlacht shuntasach ann maidir le fad na n-imscrúduithe oifigiúla. D'fhreagair níos mó ná leath de na Ballstáit go bhfuil meánfhad imscrúdaithe oifigiúil idir 20 agus 30 lá, agus thuairiscigh Ballstáit eile meánfhad idir 40 agus 90 lá. Níor thuairiscigh ach Ballstát amháin go dtógann imscrúduithe idir 2 agus 5 lá ar an meán. Déantar foráil le hAirteagal 29(1),

pointe (a), den Rialachán Orgánach gur cheart marthanacht an táirge a chur san áireamh san am is gá chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche.

Luaigh na Ballstáit na tosca seo a leanas mar chúiseanna le níos mó ama a bheith ag teastáil chun imscrúduithe oifigiúla a chur i gcrích: (i) an gá atá le sampláil bhreise; (ii) tuarascálacha neamhiomlána; (iii) castacht an tslabhra soláthair (cineál agus líon na n-oibreoirí lena mbaineann); (iv) an gá atá le comhar idir údaráis éagsúla; agus (v) cúiseanna eile.

Stádas na dtáirgí le linn imscrúdú oifigiúil

D'fhreagair na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 29(1), pointe (b), den Rialachán Orgánach, go bhfuil toirmeasc de ghnáth ar na táirgí lena mbaineann a chur ar an margadh mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú go dtí go bhfaighfear torthaí an imscrúdaithe. D'fhreagair roinnt Ballstát go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag baint leis an bhforáil sin a chur chun feidhme le haghaidh táirgí orgánacha úra nó táirgí atá á dtiontú a bhfuil seilfré ghearr acu.

Chuir roinnt Ballstát in iúl freisin, i gcás leibhéil an-íseal substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach i bhfad faoi bhun an ULI atá leagtha síos le haghaidh lotnaidicídí, nó i gcás substaintí a d'fhéadfadh a bheith ann go nádúrtha, go bhféadfadh sé go mbreithneodh an ÚI, ÚR nó CR gan toirmeasc sealadach a chur ar na táirgí lena mbaineann a chur ar an margadh mar tháirgí orgánacha. D'fhéadfadh sé gur ghá tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar na cleachtais sin.

A luaithe a thabharfar an t-imscrúdú i gcrích

Tá córais éagsúla curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit atá curtha in oiriúint dá struchtúir riaracháin agus rialaithe féin chun comhlachtaí rialaithe agus ÚInna eile, chomh maith le hoibreoirí iartheachtacha, a chur ar an eolas faoina gcinneadh tar éis an t-imscrúdú a thabhairt chun críche.

Deis do na hoibreoirí lena mbaineann a mbarúlacha a thabhairt

Dheimhnigh na Ballstáit uile go dtugtar an deis go córasach d'oibreoirí barúil a thabhairt maidir le torthaí na n-imscrúduithe oifigiúla agus go gcuirtear ar an eolas iad faoi na spriocdhátaí chun an dara tuairim shaineolach a iarraidh de réir na rialacha a leagtar amach in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2017/625.

Taifid a choinneáil

D'fhreagair na Ballstáit uile, i gcomhréir le hAirteagal 29(3) de Rialachán (AE) 2018/848, go gcoimeádann a ÚInna ábhartha, nó, i gcás inarb iomchuí, ÚRanna nó CRanna, taifid ar na himscrúduithe oifigiúla a rinneadh.

Bearta ceartaitheacha chun éilliú amach anseo a sheachaint

Thug na Ballstáit le fios, bunaithe ar sheiceálacha bliantúla ar chigireachtaí leantacha, go ndearna oibreoirí bearta ceartaitheacha i níos mó ná 90 % de na cásanna chun éilliú amach anseo a sheachaint. Nuair nach ndearnadh aon ghníomhaíocht cheartaitheach, chuir na Ballstáit in iúl, i gcás neamhchomhlíontachtaí criticiúla, go ndéanann ÚRanna nó CRanna an deimhniú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar i gcomhréir leis na socruithe aonfhoirmeacha a leagtar

amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/279 ón gCoimisiún[14].

Rialacha náisiúnta faoi Airteagal 29(5) agus Airteagal (7)

Le hAirteagal 29(5) den Rialachán Orgánach, ceadaítear do na Ballstáit, faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle[15], leibhéil a shocrú le haghaidh substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus ar os a gcionn nach féidir táirgí a mhargú mar tháirgí orgánacha, leanúint de na rialacha sin a chur i bhfeidhm fad is nach gcuireann siad bac ar tháirgí ó Bhallstáit eile a chur ar an margadh, ar táirgí iad a táirgeadh i gcomhréir leis an Rialachán Orgánach.

Thuairiscigh ceithre Bhallstát (an Bheilg, an Iodáil, an Rómáin agus an tSlóivéin) gur choimeád siad na leibhéil náisiúnta sin agus dheimhnigh siad nach gcuireann siad i bhfeidhm iad maidir le táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú ó Bhallstáit eile. Dheimhnigh siad freisin go dtionscnaítear imscrúduithe go córasach i ngach cás.

- Chuir an Bheilg (an Vallúin amháin) in iúl gur cuireadh tairseach i bhfeidhm a socraíodh ag 1.5 oiread an LOD atá ann cheana de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le táirgí a tháirgtear nó a phróiseáiltear sa Vallúin amháin nó a allmhairítear ó TTanna. Seoltar imscrúdú oifigiúil i gcónaí nuair a bhraitear substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus nuair a tharlaíonn íosghrádú (i.e. gan aon údarú chun an táirge a mhargú mar tháirge orgánach) nuair a bhíonn na torthaí os cionn na tairsí náisiúnta.

- Chuir an Iodáil in iúl gur cuireadh tairseach ghinearálta 0,01 mg/kg i bhfeidhm maidir le substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach (seachas aigéad fosfónach, a gceadaítear tairseach níos airde ina leith go sealadach). Ní féidir táirgí a sháraíonn an tairseach sin a mhargú mar tháirgí orgánacha, beag beann ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an t-éilliú d'aon ghnó.

- Chuir an Rómáin in iúl gur cuireadh tairseach náisiúnta 0,01 mg/kg i bhfeidhm le haghaidh substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach. Déantar imscrúdú ar gach brath deimhneach.

- Chuir an tSlóivéin in iúl gur úsáideadh an LOQ den mhodh anailíseach ach chuir sí NT san áireamh. Cuirtear tús le himscrúdú oifigiúil nuair a sháraítear an tairseach náisiúnta sin. I gcás ina ndearnadh an t-éilliú d'aon ghnó, tarraingítear siar an deimhniú le haghaidh tháirgí uile an oibreora. I gcás ina ndearnadh an t-éilliú de thaisme nó nár

[14]. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/279 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe agus bearta eile lena n-áirithítear inrianaitheacht agus comhlíontacht sa táirgeadh orgánach agus i lipéadú táirgí orgánacha (IO L 62, 23.2.2021, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/279/oj).

[15]. Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/834/oj).

beartaíodh na substaintí sin a bheith ann, ní mór don oibreoir bearta coisctheacha agus réamhchúraim iomchuí a dhéanamh chun éilliú arís agus arís eile a sheachaint amach anseo.

Ar an gcaoi chéanna, le hAirteagal 29(7) den Rialachán Orgánach ceadaítear do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh ar a gcríoch chun láithreacht neamhbheartaithe substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach i dtáirgí orgánacha nó i dtáirgí atá á dtiontú a sheachaint. Féadfaidh siad déanamh amhlaidh mura gcuirfidh bearta den sórt sin bac ar tháirgí ó Bhallstáit eile, ar táirgí iad arna dtáirgeadh i gcomhréir leis an Rialachán Orgánach, a chur ar an margadh agus má chuireann siad in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile go bhfuil siad ag baint úsáid as Airteagal 29(7). Chuir na ceithre Bhallstát thuasluaite in iúl don Choimisiún go ndéanann siad na bearta sin ar a gcríocha faoi seach.

ACHOIMRE IV AR THORTHAÍ NA N-IMSCRÚDUITHE OIFIGIÚLA AGUS NA NDEA-CHLEACHTAS

Tuarascálacha oifigiúla maidir le héilliú

I gcomhréir le hAirteagal 29(9) den Rialachán Orgánach, ní mór do na Ballstáit torthaí na n-imscrúduithe oifigiúla ar chásanna a braitheadh le linn na bliana roimhe sin d'éilliú le táirgí nó substaintí nár údaraíodh lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach a thuairisciú don Choimisiún faoin 31 Márta gach bliain.

D'fhreagair 27 mBallstát do 2022 agus 2023 agus 25 Bhallstát do 2024. Dhírigh an Coimisiún a anailís ar na tuarascálacha éillithe sin ar na 21 shubstaint chéanna a scrúdaíodh i staidéar EFSA a luaitear i Roinn I. Tá tábla achomair sa doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo, chomh maith le táblaí aonair le haghaidh gach ceann de na 21 shubstaint sin, ina léirítear an méid seo a leanas: (i) na catagóirí táirgí inar braitheadh an táirge nó an tsubstaint nár údaraíodh lena úsáid i dtáirgeadh orgánach den chuid is mó; (ii) an chéim ábhartha sa slabhra soláthair; (iii) foinse shainaitheanta agus cúis an éillithe; agus (iv) na bearta a rinneadh i ndáil le margú na dtáirgí a imscrúdaíodh.

Maidir leis an gcéim den slabhra soláthair inar braitheadh na substaintí, is iad seo a leanas na meántorthaí comhdhlúite: Braitheadh 66,2 % de na substaintí tráth an táirgthe, 10,2 % tráth an ullmhúcháin, 9,5 % tráth na stórála, 5,9 % tráth an dáilte, 3,3 % tráth an allmhairithe, 2,5 % tráth a chuirtear ar an margadh iad (e.g. miondíol) agus 0,1 % tráth an onnmhairithe[16].

A mhéid a bhaineann leis na cúiseanna éillithe, suíodh gurb é an cáitheadh sprae an phríomhchúis, rud a bhí cothrom le 24.1 % de na cásanna ar an meán. In 16,7 % de na cásanna, níor ghlac an t-oibreoir na bearta réamhchúraim dá dtagraítear in Airteagal 28(1) den Rialachán Orgánach, in 15,9 % de na cásanna d'úsáid an t-oibreoir táirgí nó substaintí nach bhfuil údaraithe i dtáirgeadh orgánach, agus in 10,6 % de na cásanna tharla an t-éilliú ag an gcéim roimhe sin den slabhra soláthair. In 1,6 % de na cásanna, suíodh meascadh táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú le táirgí neamhorgánacha mar chúis leis sin agus in 0,6 % de na cásanna is easpa inrianaitheachta ba chúis leis sin. Ar deireadh, suíodh foinsí agus cúiseanna eile in 14,8 %

[16] Leathanach 49 den doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis seo.

de na cásanna agus in 14,9 % de na cásanna níorbh fhéidir foinse agus cúis an éillithe a shainaithint.

D'ainneoin difríochtaí suntasacha idir na substaintí, is fiú aird a tharraingt ar roinnt patrúin choiteanna i ndáil le foinse agus cúis an éillithe. I mbeagnach gach cás inar thángthas ar an gconclúid in imscrúduithe gur tharla an t-éilliú mar gheall ar úsáid ghníomhach na substainte ag an oibreoir nó mar gheall ar easpa bearta réamhchúraim, níor ceadaíodh an táirge a mhargú mar tháirge orgánach, dá bhforáiltear in Airteagal 29(2) den Rialachán Orgánach. Sna cásanna eile, bhí an staid níos éagsúla.

Dea-chleachtais

I gcomhréir le hAirteagal 29(6) den Rialachán Orgánach, thug formhór na mBallstát aiseolas maidir le dea-chleachtais. Is príomhchleachtas i gcónaí é a chur in iúl d'oibreoirí a thábhachtaí atá sé bearta réamhchúraim a chomhlíonadh go docht, lena n-áirítear: (i) táirgí orgánacha agus neamhorgánacha a dheighilt, ag na céimeanna táirgthe agus próiseála araon; (ii) criosanna maolánacha leordhóthanacha agus idirchuraíocht a úsáid; agus (iii) a bheith cúramach chun éilliú a chosc trí threalamh a ghlanadh agus táirgí orgánacha, táirgí atá á dtiontú agus táirgí neamhorgánacha a dheighilt. Tá gá freisin le measúnú riosca iomchuí, bunaithe ar shaintréithe na dtáirgí agus na modhanna táirgthe agus ar fhaisnéis maidir le feidhmíocht na n-oibreoirí roimhe seo, chun na hoibríochtaí samplála is fearr a shainaithint (an líon táirgí, an líon oibreoirí, an céim tháirgthe, etc.).

Leag na Ballstáit béim ar a thábhachtaí atá sé é a dhéanamh níos éasca bearta réamhchúraim agus rialuithe cáilíochta (arna ndéanamh ag na hoibreoirí féin) a chur chun feidhme, chomh maith le ról na bpleananna gníomhaíochta chun cásanna neamhchomhlíonta a tharlaíonn arís agus arís eile a cheartú agus a chosc.

Leag roinnt Ballstát béim ar an ngá atá le cúnamh a thabhairt d'oibreoirí trí dhoiciméid fhaisnéiseacha a fhorbairt agus trí oiliúint leanúnach a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara feadh an tslabhra soláthair, lena n-áirítear oiliúint a chur ar CRanna. D'fhéadfadh tionscadail taighde agus suirbhéanna a bheith i gceist leis sin chun cuir chuige chomhchuibhithe a chur chun cinn i measc na ÚInna agus, i gcás inarb iomchuí, ÚRanna agus CRanna.

Úsáideann na Ballstáit suirbhéanna freisin chun difríochtaí i gcuir chuige na gcomhlachtaí rialúcháin a shainaithint, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le moltaí le haghaidh feabhais. Ar an iomlán, leagtar béim ar shimpliú na cumarsáide ar gach leibhéal mar chleachtas tábhachtach chun a áirithiú go ndéanfar saincheisteanna laistigh den chóras rialaithe orgánaigh a bhrath go tapa, go ndéileálfar leo agus go bhfoghlaimeofar uathu.

V CONCLÚIDÍ

Déantar sraith chuimsitheach seiceálacha agus nósanna imeachta deimhniúcháin ar tháirgí orgánacha agus ar tháirgí atá á dtiontú chun a fhíorú go gcomhlíonann siad an Rialachán Orgánach agus an reachtaíocht thánaisteach chomhfhreagrach. Tá sé cruthaithe go bhfuil an córas rialaithe orgánaigh iontaofa agus tá sé ar cheann de bhunchlocha maidir le rath na hearnála orgánaí san Aontas ina bhfuil saoránaigh ag súil nach mbeidh rianta substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach i dtáirgí orgánacha.

Leagtar síos leis an Rialachán Orgánach rialacha maidir le cásanna a láimhseáil ina léirítear le faisnéis chuí-réasúnaithe (ar de thoradh scrúduithe saotharlainne de ghnáth í) go bhfuil substaintí ann nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach. I gcásanna den sórt sin, ní mór imscrúdú oifigiúil a oscailt láithreach chun foinse agus cúis na substainte a bheith ann a shainaithint, substaint nach bhfuil údaraithe lena húsáid i dtáirgeadh orgánach d'fhonn sláine na dtáirgí a áirithiú. Oibríonn ÚInna náisiúnta nó, i gcás inarb iomchuí, ÚRanna agus CRanna an córas i gcomhréir le modheolaíocht chomhchuibhithe a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/279 ón gCoimisiún.

Tuairiscíodh i staidéar EFSA éagsúlacht mhór foinsí féideartha agus cúiseanna le substaintí a bheith ann nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach i ndáil leis na 21 shubstaint lotnaidicíde a ndearnadh anailís orthu, ach cuireadh i dtábhacht ann freisin, gan imscrúdú cuí, nach féidir úsáid d'aon ghnó nó easpa bearta coisctheacha is gá a chur as an áireamh. Léiríodh sa staidéar freisin gur lú i bhfad an dóchúlacht go dtarlóidh iarmhair i dtáirgí orgánacha ná sna gnáth-tháirgí faoi seach. Deimhnítear leis na torthaí sin an t-ardleibhéal dearbhaithe a chuirtear ar fáil le córas rialaithe orgánaigh an Aontais, an gá atá le prótacail dhiana rialaithe agus samplála a choinneáil ar bun agus ábharthacht na n-imscrúduithe oifigiúla córasacha.

Aithnítear sa tuarascáil seo go bhfuil roinnt dúshláin oibríochtúla roimh ÚInna agus, i gcás inarb iomchuí, ÚRanna agus CRanna agus foinse agus cúis an éillithe á cinneadh acu, go háirithe nuair a dhéantar sin ag céim iartheachtach den slabhra soláthair ina bhfuil an líon imscrúduithe neamhchonclúideacha fós ina n-ábhar imní. Deimhnítear leis freisin go bhfuil gá leis na rialacha maidir le himscrúduithe oifigiúla córasacha i gcás neamhchomhlíontachtaí cuí-réasúnaithe chun sláine na dtáirgí orgánacha a áirithiú.

Cháin roinnt oibreoirí an t-am is gá chun imscrúduithe a thosú agus a thabhairt i gcrích, castacht na nósanna imeachta sin, na cineálacha cur chuige éagsúla ar fud ÚInna náisiúnta, ÚRanna agus CRanna, na costais bhreise, chomh maith leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar shlabhraí soláthair.

Tá an Coimisiún réidh chun cur chun feidhme níos comhchuibhithe Airteagal 29 a chothú trí dhul i dteagmháil go gníomhach le ÚInna agus, i gcás inarb iomchuí, le ÚRanna agus CRanna trí cheardlanna tiomnaithe chun taithí agus dea-chleachtais a mhalartú d'fhonn ualaí ar oibreoirí sa slabhra soláthair orgánaigh a laghdú.

An tráth céanna, cuirtear fianaise ar fáil sa tuarascáil seo go ndéantar imscrúduithe oifigiúla a thionscnamh go tapa, ar an iomlán, agus gur minic a thugtar i gcrích iad laistigh de thréimhse ama réasúnta. Ar an gcaoi chéanna, is cosúil gur sásúil atá na bearta chun táirgí atá faoi imscrúdú a mhargú go míchuí mar tháirgí orgánacha a sheachaint, cé go bhfuil dúshláin fós ann maidir le táirgí úra a bhfuil seilfré ghearr acu.

Mar fhocal scoir, tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil an córas atá ann faoi láthair ag feidhmiú go réasúnta maith, gan gá le haon choigeartú ag an gcéim luath seo den chur chun feidhme. Trí fhorbairt a dhéanamh ar chuar foghlama na ngníomhaithe éagsúla, tá an Coimisiún ag súil le tuilleadh feabhsuithe ar oibriú an chórais agus tá sé réidh chun tacú leis an bpróiseas sin trí idirphlé breise agus malartú taithí a chothú i measc na bpáirtithe leasmhara uile